Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8785/25**
**ADD 1**

**ENV 317**
**ENT 64**
**COMPET 350**
**IND 136**
**SAN 205**
**CONSOM 80**
**MI 294**
**CHIMIE 28**
**DELACT 55**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Bealtaine 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 2566 final - Annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 2566 final - Annex.

---

Faoi iamh: C(2025) 2566 final - Annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.5.2025
C(2025) 2566 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara**

# IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I, Cuid A, sa tábla, san iontráil 'Aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara', cuirtear 'aigéad sulfónach sárfhluarochtáin (PFOS), a shalainn agus a chomhdhúile PFOS-ghaolmhara' in ionad an chéad cholúin, pointe (v) 'aigéad sulfónach sárfhluarochtáin agus a dhíorthaigh (PFOS) mar a liostaítear san Iarscríbhinn seo'.

In Iarscríbhinn I, Cuid A, sa tábla, san iontráil 'Aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara', leasaítear an ceathrú colún mar a leanas:

(1) i bpointe 3, scriostar an dara habairt;

(2) cuirtear isteach na pointí 4a agus 4b seo a leanas:

'4a. Chun críocha na hiontrála seo, beidh feidhm ag Airteagal 4(1), pointe (b), maidir le tiúchain PFOA nó aon cheann dá shalainn atá cothrom le 1 mg/kg (0.0001 % de réir meáchain) nó faoina bhun agus maidir le tiúchain aon chomhdhúil PFOA-ghaolmhar nó aon teaglaim de chomhdhúile PFOA-ghaolmhara atá cothrom le 10 mg/kg (0,001 % de réir meáchain) nó faoina bhun i gcás ina bhfuil siad i gcúr comhraic dóiteáin le haghaidh sochtadh gaile breosla leachtaigh agus dóiteáin breosla leachtaigh (dóiteáin Aicme B) atá suiteáilte cheana féin i gcórais. Beidh feidhm ag an teorainnluach sin go dtí ... [Oifig na bhFoilseachán: *cuir isteach an dáta = 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

4b. Chun críocha na hiontrála seo, beidh feidhm ag Airteagal 4(1), pointe (b), maidir le suim thiúchan PFOA, a shalann agus a chomhdhúl PFOA-ghaolmhar atá cothrom le 10 mg/kg (0,001 % de réir meáchain) nó faoina bhun i gcás ina bhfuil siad i gcúr comhraic dóiteáin saor ó fhluairín agus ina dtagann siad ó threalamh comhraic dóiteáin a ndearnadh glanadh air i gcomhréir leis na teicnící is fearr atá ar fáil.

(3) i bpointe 6, cuirtear 'an 3 Nollaig 2025' in ionad an dáta 'an 4 Iúil 2025';

(4) i ndeireadh mhír 6 cuirtear isteach an abairt seo a leanas: 'ciallaíonn 'cúr comhraic dóiteáin' aon mheascán a úsáidtear chun dóiteáin a chomhrac le cúr agus cuirtear san áireamh leis tiúcháin cúir comhraic dóiteáin agus tuaslagáin cúir comhraic dóiteáin chun an cúr a dhéanamh, ach níl sé teoranta dóibh sin amháin';

(5) i bpointe 10, scriostar an dara habairt;

(6) cuirtear isteach an pointe (11) seo a leanas:

'11. Earraí ina bhfuil PFOA, a shalainn nó a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara agus atá in úsáid cheana féin san Aontas roimh dháta éaga na díolúine ábhartha a leagtar síos i mír 5(a) go (d), nó ar an dáta sin, féadfar leanúint dá n-úsáid'.